Bileog 7.1

Déan féin agus an duine in aice leat cur síos ar bhur gcaitheamh aimsire. Féachaigí ar thús na n-abairtí seo a leanas le cuidiú libh.

Is breá liom _____
_____
_____

Is breá liom a bheith _____
_____
_____

Nuair a bhíonn an aimsir go maith _____
_____
_____

Cuir ceist ar an duine in aice leat cad é a dhéanann sé/sí nuair a bhíonn am saor aige/aici.

Pléigh leis an duine in aice leat an difríocht idir '*is breá liom leabhair*' agus '*is breá liom a bheith ag léamh*'.

Féach ar na focail seo faoi thréimhsí ama le cuidiú leis an chaint:

uaireanta, go minic, de ghnáth, anois is arís, go hannamh, ó am go ham.

Féach ar na briathra seo sa chéad phearsa le cuidiú libh chomh maith:

téim, éistim, léim, siúlaim, déanaim, féachaim ar.

Éist le gach duine i dteaghlach Mhic Ghearailt ag déanamh cur síos ar cad a dhéanann siad nuair a bhíonn am saor acu. Scríobh an t-eolas a fhaigheann tú sna spásanna tugtha. Ansin cuir an t-eolas i gcomparáid le heolas an duine in aice leat.

Siobhán: _____
_____

Peadar: _____
_____

Seán: _____
_____

Pól: _____
_____

Ciara: _____
_____

Clár: _____
_____

Cad iad na focail a chuala tú ar an téip nach raibh ar eolas agat ach go raibh tú in ann buille faoi thuairim a thabhairt faoina mbrí? Pléigh leis an duine in aice leat iad.

Bileog 7.2

Féach féin agus an duine in aice leat ar na ceisteanna seo thíos. Cad iad na freagraí diúltacha agus na freagraí dearfacha atá ar gach ceist? Cad atá fíor fút féin?

An féidir leat aon uirlis cheoil a sheinm?
An bhfuil ceol agat?
An gcanann tú?

Anois féachaigí ar na habairtí seo a leanas agus pléigí brí na n-abairtí le chéile:

Bím ag seinm ar an . . .
Bím ag canadh le banna ceoil . . .
Níl ceol ar bith agam!
Is breá liom a bheith ag éisteacht le ceol!

Déan féin agus an duine in aice leat liosta de na huirlisí ceoil ar fad atá ar eolas agaibh.

Siúil timpeall an ranga agus cuir an cheist seo ar gach duine:

An féidir leat aon uirlis cheoil a sheinm?

Rólghníomhaíocht:

An Réalta Áitiúil

Clár raidió atá sa rólghníomhaíocht seo – beidh láithreoir ag cur agallaimh ar amhránaí. Glacfaidh tú féin agus an duine in aice leat rólanna na beirte – tá treoracha don chaint sna boscaí thíos.

Duine A – An Láithreoir

Beidh tú ag cur agallaimh ar cheoltóir ar chlár raidió áitiúil ar ball. Féach ar na ceisteanna seo a bheidh tú ag cur air/uirthi.

- Cá mbíonn tú ag canadh de ghnáth?
- Cad iad na huirlisí ceoil is féidir leat a sheinm?
- An mbíonn tú ag canadh le banna ceoil?
- Cé hé/hí an ceoltóir cáiliúil is fearr leat?
- Cá mbeidh tú ag canadh an chéad uair eile?

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar na ceisteanna. Tar éis tamaill cuirfidh Duine B Duine A faoi agallamh. Malartaígí rólanna nuair atá sibh críochnaithe.

Duine B – An tAmhránaí

Beidh tú faoi agallamh ar chlár raidió áitiúil ar ball. Féach ar na ceisteanna seo le cuidiú leat réamhullmhúchán a dhéanamh don chlár.

- Cá mbíonn tú ag canadh de ghnáth?
- Cad iad na huirlisí ceoil is féidir leat a sheinm?
- An mbíonn tú ag canadh le banna ceoil?
- Cé hé/hí an ceoltóir cáiliúil is fearr leat?
- Cá mbeidh tú ag canadh an chéad uair eile?

Bileog 7.3 Duine A

Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag léamh ailt faoin amhránaí Mairéad Ní Mhaonaigh ach beidh bearnaí sna sleachta. Léigh thusa Cuid A den alt chun cabhrú le Duine B a c(h)uid bearnaí a líonadh agus agus ansin léifidh Duine B Cuid B den alt chun cabhrú leatsa do bhearnaí féin a líonadh. Tá gluais sa bhosca thíos chun cabhrú libh.

Pléigh an cheist seo ar dtús: An bhfuil aon eolas agat faoi Mhairéad Ní Mhaonaigh cheana féin?

Mairéad Ní Mhaonaigh,
1 Bealtaine 2001

www.beo.ie

éirí as	to stop
íomhá	an image
todhchaí	future
glúin nua	a new generation
aird	attention
urraim	respect
ardú meanman	a great boost

Cuid A

Níl sé i gceist ag Mairéad éirí as a bheith ag seinm le h*Altan* go ceann i bhfad. Níl sí buartha faoi bheith ag éirí níos sine. 'Níl íomhá i gceist sa cheol traidisiúnta - thig leat coinneáil ort ag seinm, is cuma cén aois atá tú. Tá sé cosúil le snagcheol ar an dóigh sin.'

Tá sí dóchasach faoi thodhchaí an cheoil thraidisiúnta. Tá glúin nua ceoltóirí óga ag teacht chun cinn i nDún na nGall (luann sí a nia féin, Ciarán Ó Maonaigh, mar shampla, agus Derek McGinley as Gleann Cholm Cille) agus tá suim sa cheol traidisiúnta ag fás i gcónaí.

Cuid B

Deir sí go mbíonn a _____, Francie, ag múineadh na fidle don aos óg _____ i rith an gheimhridh.

Tugann sé _____ go bhfuil aird lucht ceoil ar fhidléirí Dhún na nGall anois, go bhfuil urraim ag daoine dóibh anois nach raibh roimhe seo. Measann sí gur ardú meanman é seo _____ na stíle sin le blianta fada.

Ar fhoghlaim tú focail nua sa phíosa thuas? Cén tslí a ndéanfaidh tú cuimhneach orthu? Pléigh.

Cad iad na cineálacha éagsúla ceoil atá ar eolas agat? Déan liosta leis an duine in aice leat.

Siúil timpeall an ranga agus faigh amach cén cineál ceoil a thaitníonn le gach duine. Féach ar na ceisteanna seo le cuidiú leat:

Cad a cheapann tú de cheol tíre?/ An maith leat snagcheol?

Bileog 7.3 Duine B

Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag léamh ailt faoin amhránaí Mairéad Ní Mhaonaigh ach beidh bearnaí sna sleachta. Léifidh Duine A Cuid A den alt chun cabhrú leatsa do chuid bearnaí a líonadh agus agus ansin léifidh tusa Cuid B den alt chun cabhrú le Duine A a c(h)uid bearnaí féin a líonadh. Tá gluais sa bhosca thíos chun cabhrú libh.

Pléigh an cheist seo ar dtús: An bhfuil aon eolas agat faoi Mhairéad Ní Mhaonaigh cheana féin?

Mairéad Ní Mhaonaigh, 1 Bealtaine 2001

www.beo.ie

éirí as	to stop
íomhá	an image
todhchaí	future
glúin nua	a new generation
aird	attention
urraim	respect
ardú meanman	a great boost

Cuid A

Níl sé i gceist ag Mairéad éirí as a bheith ag seinm le h*Altan* go ceann i bhfad. Níl sí buartha faoi bheith _____. 'Níl íomhá i gceist sa cheol traidisiúnta - thig leat coinneáil ort ag seinm, is cuma cén aois atá tú. Tá sé _____ ar an dóigh sin.'

Tá sí dóchasach faoi thodhchaí an cheoil thraidisiúnta. Tá glúin nua ceoltóirí óga _____ i nDún na nGall (luann sí a nia féin, Ciarán Ó Maonaigh, mar shampla, agus Derek McGinley as Gleann Cholm Cille) agus tá _____ ag fás i gcónaí.

Cuid B

Deir sí go mbíonn a hathair féin, Francie, ag múineadh na fidle don aos óg ceithre oíche sa tseachtain i rith an gheimhridh.

Tugann sé sásamh an-mhór di go bhfuil aird lucht ceoil ar fhidléirí Dhún na nGall anois, go bhfuil urraim ag daoine dóibh anois nach raibh roimhe seo. Measann sí gur ardú meanman é seo do na daoine atá ag seinm na stíle sin le blianta fada.

Ar fhoghlaim tú focail nua sa phíosa thuas? Cén tslí a ndéanfaidh tú cuimhneach orthu? Pléigh.

Cad iad na cineálacha éagsúla ceoil atá ar eolas agat? Déan liosta leis an duine in aice leat.

Siúil timpeall an ranga agus faigh amach cén cineál ceoil a thaitníonn le gach duine. Féach ar na ceisteanna seo le cuidiú leat:

Cad a cheapann tú de cheol tíre?/ An maith leat snagcheol?

Bileog 7.4

Seo thíos liosta de cheoltóirí agus de ghrúpaí ceoil. Cuir uimhir 1-5 in aice le gach ceann acu le do thuairim a chur in iúl. Anois déan plé ar na ceoltóirí (a) – (g) leis na daoine eile i do ghrúpa.

5 = Is breá liom . . .
4 = Is maith liom . . .
3 = Is cuma liom faoi . . .
2 = Tá sé/sí/siad ceart go leor. . .
1 = Is fuath liom . . .

(a) Altan
(b) Elvis Presley
(c) Britney Spears
(d) U2
(e) Daniel O'Donnell
(f) Johnny Cash
(g) Kylie Minogue

(a) Anois glac tamall ag smaoineamh ar an cheoltóir nó ar an ghrúpa is fearr leat féin. Breac síos na sonraí ar fad faoi na teidil seo:

Ainm	Stíl Cheoil	Cé as	Albaim

(b) Cuir na ceisteanna thíos ar an duine in aice leat faoin cheoltóir/ghrúpa is fearr leis/léi.

Cén ceoltóir/grúpa is fearr leat?
Cén cineál ceoil é sin?
Cé as an grúpa/duine sin?
Cad é an t-album is deireanaí atá aige/aici/acu?

(c) Líon na bearnaí sna ceisteanna thíos sula gcuireann tú iad ar an duine in aice leat. Tógaigí sealanna ag cur agus ag freagairt na gceisteanna.

Cad a cheapann tú faoi _____?
An maith leat an t-amhrán nua atá ag _____?
Ar chuala tú _____ riamh beo?
An gceapann tú go bhfuil _____ leadránach?

Bileog 7.5

Beidh tú ag éisteacht ar ball le tuairisc faoi fhoireann rugbaí na hÉireann sa *Triple Crown*.

(a) Sula n-éisteann tú leis an tuairisc pléigh míniú na bhfocal seo leis an duine in aice leat.

Páirc an Chrócaigh	An Bhreatain Bheag
coimhlint	fíorbhua
suntasach	tábhachtach
fíormhuinín	brú

(b) Éist leis an tuairisc uair amháin agus pléigh *gist* na tuairisce leis an duine in aice leat.

(c) Cén scór a bhí ann ag deireadh an chluiche? Cén fáth a bhfuil an cluiche seo tábhachtach d'Éirinn?

(d) Cén t-eolas atá agat faoi fhoireann rugbaí na hÉireann? Siúil timpeall an ranga agus faigh amach cén tuairim atá ag cúpla duine faoin chluiche rugbaí agus faoi fhoireann na hÉireann.

Ainm an duine	Tuairim

(e) Anois labhair leis an duine in aice leat agus abair leis nó léi na tuairimí a bhí ag na daoine éagsúla. Féach ar an sampla seo thíos áfach:

Siobhán: "Tá foireann na hÉireann róshean!"
ach
Tusa: "Síleann Siobhán **go bhfuil** foireann na hÉireann róshean!"

Cad is féidir leat a rá faoin sampla thuas? Déan plé leis an duine in aice leat agus déanaigí an cleachtadh thíos:

Cuir '*síleann Máire*' roimh na habairtí seo thíos agus ansin ceartaigh na habairtí leis an duine in aice leat.

- Tá Brian O'Driscoll an-dathúil!
- Bhí an cluiche sin ar fheabhas!
- Déanann Ronan O'Gara a dhícheall i gcónaí!
- Níl foireann na hÉireann rómhaith!

Bileog 7.6

Beidh tú féin agus beirt eile ag déanamh plé ar chúrsaí spóirt ar ball beag. Sula labhraíonn sibh le chéile, déanaigí liosta de na spóirt ar fad atá ar eolas agaibh. Tá dhá cheann déanta.



Camógaíocht, haca...

_____
_____
_____
_____

Anois féachaigí ar na bealaí seo thíos le do chuid tuairimí a chur in iúl agus féachaigí ar na haidiachtaí éagsúla chomh maith. An féidir libh abairtí a chumadh a bhainfeadh úsáid as na frásaí agus na haidiachtaí?

Is dóigh liom . . .
Ní dóigh liom . . .
Feicim go . . .
Ní fheicim go . . .
Sílim/measaim/ceapaim go . . .

contúirteach/dainséarach
leadránach
garbh
corraitheach
sláintiúil

Déan plé leis na daoine eile i do ghrúpa ar na ceisteanna seo thíos anois:

An bhféachann tú ar spórt ar an teilifís?

An leanann tú spórt GAA? Cén fáth?

Cad é an spórt nach maith leat ar chor ar bith? Cén fáth?

An bhfuil foireann mhaith rugbaí nó sacair ag Éirinn?

An duine aclaí tú?

An imríonn tú aon spórt?

Cad a tharlaíonn don aidiacht nuair a leanann sí ainmfhocail san uimhir uatha?

Cuir an aidiacht 'maith' tar éis na n-ainmfhocal seo:

foireann, cluiche, spórt, aimsir, imreoir, comórtas, réiteoir, aclaíocht, traenáil, rása.

Scríobh cuntas ar an cheolchoirm nó cluiche spóirt deireanach ar fhreastail tú air.

Bileog 7.7

Féach ar an chomhrá thíos agus bain úsáid as chun ceist a chur ar an duine in aice leat an bhfuil sé/sí ina b(h)all d'aon chlub nó d'aon chumann.

- An bhfuil tú i do bhall d'aon chlub nó d'aon chumann?
- Tá. Tá mé i mo bhall de chumann litríochta, agus tú féin?
- Tá. Tá mé i mo bhall de chlub peile.

Cén ghné den ghramadach atá i gceist le '*i mo bhall*'? Ag obair leis an duine in aice leat scríobh an fhoirm sin i ngach pearsa.

Cad is féidir leat a rá faoi '*de chlub peile*'? Tá dhá phointe gramadaí i gceist, cad iad?

Cad iad séasúir na bliana? Scríobh thíos iad agus ná déan dearmad ar an alt.

__ t_____ __ S_____ __ F_____ __ G_____

Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo – an dtuigeann sibh iad?

reachtaire casaimid ar siúl géar go leor geallta bád

Éist le fear ag déanamh cur síos ar an chaitheamh aimsire atá aige féin agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cén post atá ag an duine seo i mbliana sa chlub?
2. Cad a bhíonn ar siúl sa Gheimhreadh?
3. Cé mhéad rása a bhíonn ar siúl sa tseachtain i rith an tsamhraidh?
4. Cad eile a bhíonn ar siúl sa samhradh?

Caith cúpla nóiméad ag smaoineamh ar fhreagraí na gceisteanna thíos sula bpléann tú iad leis na daoine eile i do ghrúpa. Mura bhfuil tú i do bhall de chlub nó de chumann ar bith bain úsáid as do shamhlaíocht!

An bhfuil tú i do bhall d'aon chlub nó d'aon chumann?

Cé chomh minic is a bhíonn cleachtadh/traenáil agat?

An mbíonn tú ag glacadh páirte in aon chomórtas?

Cé chomh fada is atá tú i do bhall den chlub áirithe seo?